**Ordú na Cúirte Breithiúnas (an Deichiú Dlísheomra) an 9 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven kasatsionen sad – an Bhulgáir) – "Konservinvest"OOD v "Bulkons Parvomay" OOD**

**(Cás C-35/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí – Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Ainmniúchán tionscnaimh agus tásca geografacha – Airteagal 9 – Cosaint náisiúnta idirthréimhseach – Tásc geografach lena n-ainmnítear táirge talmhaíochta, atá cláraithe faoi reachtaíocht Ballstáit agus a bhfuil cosaint aige ar an leibhéal náisiúnta)***

(2022/C 222/06)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven kasatsionen sad (an Bhulgáir)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Konservinvest"OOD

*Cosantóir:* "Bulkons Parvomay" OOD

**An chuid obríochtúil**

Ní mór Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí a léirmhíniú sa chaoi is go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Ballstáit lena bhforáiltear do chóras náisiúnta clárúcháin agus cosanta maidir le hainmniúcháin gheografacha cáilithe a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí a thagann faoi raon feidhme an rialacháin sin, nach bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith aige ach amháin maidir le díospóidí a bhaineann le sáruithe ar na cearta a eascraíonn as na hainmniúcháin sin idir trádálaithe sa Bhallstát sin a tháirgeann, ar chríoch an Bhallstáit sin, na táirgí ar cláraíodh na hainmniúcháin sin ina leith faoi na rialacha sin.

---

(1) IO C 98, 22.03.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Achomhairc – Éire) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne K.M.**

**(Cás C-493/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais – an Comhbheartas iascaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Córas rialaithe chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú – Airteagal 89 – Bearta lena n-áiritheofar comhlíonadh na rialacha – Airteagal 90 – Pionóis choiriúla – Prionsabal na comhréireachta – Léiriú ar bhreithiúnas an 11 Feabhra 2021, K.M. (Pionóis arna bhforchur ar chaptaen loinge) (C-77/20, EU:C:2021:112))***

(2022/C 222/07)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Chúirt Achomhairc

**Páirtithe sna príomhimeachtaí coiriúla**

*Iarratasóir:* K.M.

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagail 89 agus 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta atá cumhdaithe in Airteagal 49(3) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi gur faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh, nuair atá siad ag cur i bhfeidhm na gcritéar measúnaithe dá bhforálann an Chúirt i mbreithiúnas an 11 Feabhra 2021, K. M. (Pionóis arna bhforchur ar chaptaen loinge) (C-77/20, EU:C:2021:112), cibé an bhfuil, i ndáil leis an gcion a rinneadh, lena n-áirítear a thromchúis, urghabháil éigeantach na ngabhálacha agus na dtrealamh iascaireachta go léir a fhaightear ar bord an tsoithigh lena mbaineann comhréireach le gnóthú an chuspóra dhlisteanaigh atá á shaothrú ag an toirmeasc ar threalamh grádúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 32(1) de Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle an 30 Márta 1998 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú trí bhearta teicniúla chun óg-orgánaigh mhuirí a chosaint, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 227/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013, agus scrúdú a dhéanamh, más infheidhme, ar an ngá méid an chinnidh urghabhála maidir le gabhálacha agus trealamh iascaireachta a choigeartú, a mhodhnú nó a mhaolú.

---

([1]) IO C 401 an 4.10.2021

---

**Ordú na Cúirte (an tOctú Dlísheomra) an 1 Márta 2022 – Antonius Maria Vervloet, Cornelia Wilhelmina Vervloet-Mulder v Agència Estatal de Resolució d’Entitats Bancàries (AREB)**

**(Cás C-526/21 P)** ([1])

***(Achomharc – Airteagal 181 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas maidir le soiléireacht agus beachtas na bpléadálacha – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2022/C 222/08)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Antonius Maria Vervloet, Cornelia Wilhelmina Vervloet-Mulder (ionadaí: P. Van der Veld, advocaat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Agència Estatal de Resolució d’Entitats Bancàries (AREB)

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an t-achomharc a dhíbhe mar gheall ar dho-ghlacthacht fhollasach.

2. Ordaítear do Antonius Maria Vervloet agus Cornelia Wilhelmina Vervloet-Mulder a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 158 an 11.04.2022

---

**Achomharc arna thabhairt an 22 Meitheamh 2021 ag Bálint Krátky i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Tríú Dlísheomra) a fógraíodh an 16 Lúnasa 2021 i gCás T-13/21 Krátky v Parlaimint na hEorpa agus páirtithe eile**

**(Cás C-503/21 P)**

(2022/C 222/09)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Bálint Krátky (ionadaí: I. Kriston, ügyvéd)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, An Coimisiún Eorpach